Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0277(COD)**

**12413/22**
**ADD 4**

**AUDIO 86**
**CODEC 1314**
**DIGIT 166**
**MI 668**
**DISINFO 72**
**FREMP 183**
**COMPET 712**
**EDPS 1**
**DATAPROTECT 256**
**JAI 1194**
**SERVICES 18**
**POLGEN 121**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Meán Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2022) 287 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle creat comhchoiteann a bhunú le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach (An tAcht Eorpach um Shaoirse na Meán) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2022) 287 final.

Faoi iamh: SWD(2022) 287 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.9.2022
SWD(2022) 287 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**creat comhchoiteann a bhunú le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach (An tAcht Eorpach um Shaoirse na Meán)**

{COM(2022) 457 final} - {SEC(2022) 322 final} - {SWD(2022) 286 final}

GA GA

| BILEOG ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN |
|---|
| **Measúnú tionchair ar an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán** |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| De réir mar a éiríonn margaí meán níos digití agus níos mó de chineál trasteorann ó nádúr, cuireann roinnt fadhbanna bac ar fheidhmiú ceart mhargadh inmheánach na meán. Seo iad:<br>- baic ar ghníomhaíocht agus infheistíocht trasteorann;<br>- comhar agus cóineasú rialála neamhdhóthanach;<br>- cur isteach ar sholáthar seirbhísí meán ardchaighdeáin; agus<br>- leithdháileadh doiléir agus/nó éagothrom acmhainní eacnamaíocha.<br>Cé go bhfuil tromchúis na bhfadhbanna éagsúil ar fud an Aontais, fágann siad ar an iomlán gur deacair do pháirtithe meán lántairbhe a bhaint as an margadh inmheánach, inbhuanaitheacht eacnamaíoch a choinneáil ar bun agus a ról sa tsochaí chun eolas a thabhairt do dhaoine agus do ghnólachtaí a chomhlíonadh ina iomláine. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Is é an cuspóir ginearálta feabhas a chur ar fheidhmiú mhargadh inmheánach na meán.<br>Seo a leanas cuspóirí sonracha an tionscnaimh:<br>- gníomhaíocht agus infheistíocht trasteorann i margadh inmheánach na meán a chothú;<br>- comhar agus cóineasú rialála a mhéadú i margadh inmheánach na meán;<br>- soláthar saor seirbhísí meán ardchaighdeáin sa mhargadh inmheánach a éascú; agus<br>- leithdháileadh trédhearcach cóir acmhainní eacnamaíocha a áirithiú i margadh inmheánach na meán. |
| **Cad é an breisluach atá le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |
| Laghdófar leis an tionscnamh an t- ualach atá ar ghníomhaithe sa mhargadh chun córais dhlíthiúla náisiúnta éagsúla a chomhlíonadh nuair a oibríonn siad i roinnt Ballstát. Méadóidh sé intuarthacht agus deimhneacht dhlíthiúil, cuirfidh sé an iomaíocht chóir chun cinn (go háirithe vis-à-vis ardáin domhanda ar líne), agus cuirfidh sé feabhas ar infheistíocht trasteorann agus ar chaighdeán na seirbhísí meán arna soláthar san Aontas. Mura ndéanfaí idirghabháil ach ar leibhéal náisiúnta ní bhainfí amach scála leordhóthanach ná an éifeacht neasaithe is gá. I gcás ar bith, ní chuirfidh an tionscnamh seo isteach ar fhéiniúlachtaí náisiúnta ná traidisiúin rialála i réimse na meán. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a ghnóthú? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?** |
| Rinneadh measúnú mionsonraithe ar thrí rogha, mar aon leis an mbunlíne[1] dhinimiciúil.<br>**Rogha 1: Moladh maidir le hiolrachas agus neamhspleáchas na meán,** lena spreagtar na Ballstáit agus, i réimsí áirithe, cuideachtaí i margadh na meán chun sraith gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm chun iolrachas na meán, neamhspleáchas eagarthóireachta agus trédhearcacht agus cothroime i margadh na meán a chur chun cinn.<br>**Rogha 2: Togra reachtach agus moladh maidir le neamhspleáchas na meán**, agus an togra reachtach ag soláthar comhrialacha don mhargadh inmheánach le haghaidh seirbhísí meán agus an moladh ag spreagadh cuideachtaí meán agus na Ballstáit chun neamhspleáchas agus trédhearcacht na meán a chothú.<br>**Rogha 3: Togra reachtach feabhsaithe** ag cur anuas ar na heilimintí reachtacha ar fad de Rogha 2 oibleagáidí breise ar chuideachtaí i margadh na meán agus ar rialtóirí chun infhaighteacht |

[1] Tá an cás bunlíne dinimiciúil, mar go gcuirtear san áireamh ann gach dlí AE ábhartha atá ann faoi láthair (e.g. AMVSD) agus iad siúd atá á dtabhairt chun críche (e.g. DSA agus DMA).

seirbhísí meán ardchaighdeáin agus leithdháileadh trédhearcach/cothrom acmhainní eacnamaíocha i margadh na meán a chothú.

Bheartófaí le tograí reachtacha cruthú boird a bheadh comhdhéanta d'ionadaithe de chuid na n- údarás rialála náisiúnta ábhartha, le cuidiú rúnaíochta arna soláthar ag an gCoimisiún (**Forogha A**), nó ag oifig neamhspleách de chuid an Aontais (**Forogha B**).

Is í **Rogha 2, Forogha A** an rogha thosaíochta a mholtar le haghaidh glacadh polaitiúil.

**Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

An rogha go ndéanfaí idirghabháil chothrom reachtaíochta in áit gan gníomhaíocht ar bith a dhéanamh nó caighdeáin mhionsonraithe a leagan síos, tacaíonn an pobal agus an chuid is mó de pháirtithe leasmhara eile léi sin, lena n- áirítear pobal shaoirse na meán, eagraíochtaí tomhaltóra, Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc (ERGA), craoltóirí poiblí agus príobháideacha, dáileoirí ábhair agus rannpháirtithe i gcóras na fógraíochta. Ní hiad ach na foilsitheoirí ab fhearr leo moladh a bheith ann, cé go dtacaíonn siad le bearta maidir le pobal meáin a thomhas, fógraíocht stáit agus foinsí iriseoireachta a chosaint. Maidir le rialachas, tá tacaíocht leathan ann le haghaidh struchtúr formhaoirseachta bunaithe ar ERGA. Tá rialtóirí agus pobal shaoirse na meán go háirithe i bhfabhar ERGA a neartú, ach b'fhearr le cuideachtaí agus comhlachais gnólachtaí é a fhágáil mar atá.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?**

An toradh a bheidh ar mhargadh inmheánach meán a fheidhmeoidh níos fearr is ea infheistíocht mhéadaithe, méadú agus iomaíocht, agus ar an mbealach sin feabhsófar inmharthanacht na gcuideachtaí meán agus cuirfear rochtain ar fáil do thomhaltóirí ar raon níos éagsúla d'ábhar ardchaighdeáin meán. Is é EUR 2.9 billiún na glantairbhí eacnamaíocha bliantúla a mheastar a bheith ann, ó thaobh ioncaim mhéadaithe na gcuideachtaí meán. Áirítear leis na buntáistí a bhfuil coinne leo don tsochaí cuntasacht mhéadaithe na meán agus muinín mhéadaithe as, chomh maith le feabhas ar shaoirse agus iolrachas na meán, rud a neartóidh an smacht reachta agus caighdeáin dhaonlathacha dá réir.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh, murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Ní bheidh costais ar bith le haghaidh saoránach ag gabháil leis an rogha thosaíochta, agus ní bheidh ach costais dhiomaibhseacha choigeartaithe i gceist le haghaidh gnólachtaí, i.e. costais aonuaire fhoriomlána le haghaidh gach cuideachta idir EUR 9.4 agus 14 mhilliún agus costais bhliantúla athfhillteacha idir EUR 5.6 agus 14.5 milliún, agus tógfar iad sin uile isteach i gcostais 'gnó mar is gnách'. Beidh costais bhliantúla de EUR 6.1 milliún le híoc ag údaráis phoiblí. Áireofar leo siúd costais bhliantúla thart ar EUR 2 go 2.3 milliún le haghaidh an Aontais: 8- 10 bpost coibhéise lánaimseartha móide buiséad oibriúcháin thart ar EUR 1 mhilliún[2] a mheastar le haghaidh na rogha rialachais a leagtar amach i bhForogha A.

**Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?**

Tá coinne leis nach mbeidh ach costais bheaga ann le haghaidh FBManna, costais a bhainfidh go príomha le taithí a fháil ar na bearta nua. Beidh siad cothromaithe le tairbhí méadaithe, a bhfuil coinne leis go mbeidh siad suntasach ós rud é go gcuirfeadh an rogha thosaíochta ar chumas na FBManna oibriú i dtimpeallacht rialála a bheadh níos intuartha agus níos comhsheasmhaí, lena n- áirítear thar theorainneacha. Leis an tionscnamh, mhéadófaí ar na deiseanna iomaíochta le haghaidh FBManna chun dul san iomaíocht le rannpháirtithe eile sa mhargadh, lena n- áirítear

[2] Áirítear sa ráiteas airgeadais reachtach figiúir mhionsonraithe maidir leis na costais le haghaidh an Aontais.

| |
|---|
| ardáin ar líne. Ina theannta sin, tríd an bhfógraíocht stáit a leithdháileadh ar bhealach níos trédhearcaí agus níos córa, laghdófaí ar shaobhadh ar an margaidh, chun leas FBManna. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Tabhóidh údaráis náisiúnta costais athfhillteacha riaracháin agus forfheidhmiúcháin, ach bainfidh siad amach coigiltis freisin: d'fhéadfadh coinne a bheith ag rialaitheoirí náisiúnta meán leis go gcoigleoidís suas le 20 % dá gcaiteachas bliantúil reatha i ndáil le comhordú in ERGA. Táthar ag súil go méadóidh an rogha thosaíochta cáilíocht an chomhair idir rialaitheoirí meán agus go gcabhróidh sé leo dul i ngleic leis na dúshláin trasteorann. Ina theannta sin, leis na bearta ar fhógraíocht stáit agus na cosaintí neamhspleáchais le haghaidh na meán seirbhíse poiblí méadófar ar thrédhearcacht agus éifeachtacht úsáide acmhainní stáit. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Trí níos mó ábhar ardchaighdeáin meán a sholáthar, chomh maith le níos mó trédhearcacht sna meáin agus réimse faisnéise níos sábháilte, cumasófar tomhaltóirí agus cosnófar níos fearr iad, agus cuirfear feabhas ar na coinníollacha chun an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil a fheidhmiú. Ina theannta sin, agus rochtain fheabhsaithe ann ar sheirbhísí ardchaighdeáin meán don phobal agus do ghnólachtaí, cuirfear feabhas ar shláine an mhargaidh aonair ina iomláine. |
| **Comhréireacht?** |
| Na bearta a bheartaítear sa rogha thosaíochta, is bearta spriocdhírithe iad nach dtéann níos faide ná an méid is gá chun cuspóirí an tionscnaimh a chomhlíonadh. Go háirithe, ní bheartaítear leis an rogha thosaíochta ach bearta cothroma comhchuibhithe, in éineacht le creat comhair le haghaidh rialaitheoirí meán náisiúnta ar bhord AE, atá riachtanach chun go bhfeidhmeoidh margadh inmheánach na meán i gceart. Tugtar aird sa togra ar an ualach ar ghníomhaithe éagsúla agus cuirtear teorainn leis na hoibleagáidí nua i riocht agus nach bhfuil iontu ach na hoibleagáidí bunriachtanacha, agus na costais dhíreacha comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin i gcomhréir le cuspóirí an tionscnaimh. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Nuair a bheidh an ionstraim reachtach arna glacadh, tabharfar idir 3 mhí agus 6 mhí do Bhallstáit a gcreataí náisiúnta a oiriúnú, ag brath ar na forálacha ábhartha. Déanfar an chéad mheasúnú uirthi 4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na rialacha nua, agus déanfaidh measúnuithe ina dhiaidh sin gach 4 bliana uirthi. Bunófar sásra faireacháin neamhspleách chun faireachán a dhéanamh ar rioscaí d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán. I gcás an mholta, beartófar scéim shonrach faireacháin freisin. Go háirithe, cuirfidh Ballstáit an fhaisnéis ábhartha go léir maidir le bearta agus gníomhaíochtaí arna nglacadh i leith thrédhearcacht úinéireachta na meán faoi bhráid an Choimisiúin. Déanfar faireachán ar réimsí eile den mholadh mar chuid den sásra arna bhunú leis an ionstraim reachtach. |